AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.6.2023
COM(2023) 355 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

An seachtú tuarascáil bhliantúil déag maidir le 2022 i ndáil le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

An seachtú tuarascáil bhliantúil déag maidir le 2022 i ndáil le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh

1. RÉAMHRÁ

Is é Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle[1] (an 'Rialachán um Chabhair') an bunús le cúnamh a sholáthar do phobal Turcach na Cipire agus ceanglaítear leis tuairisciú bliantúil don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa.

2. CLÁRÚ AN CHÚNAIMH

Idir 2006 agus deireadh 2022, bhí EUR 656 milliún cláraithe le haghaidh oibríochtaí faoin Rialachán um Chabhair. Ba é EUR 33.4 milliún an méid a gealladh i mí Dheireadh Fómhair 2022 do chlár gníomhaíochta bliantúil 2022[2]. Leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 tugadh peirspictíocht ilbhliantúil don chlár agus tá foráil ann maidir le cistiú cobhsaí bliantúil. Tá an clár cúnaimh eisceachtúil agus idirthréimhseach, áfach, agus tá sé mar aidhm aige ullmhúchán agus éascú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar chur i bhfeidhm iomlán an *acquis* sna limistéir sin de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu tar éis réiteach ar fhadhb na Cipire. Rinneadh foráil sa Rialachán um Chabhair agus i Rialachán Uimh. 2020/2093 ón gComhairle[3] lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil araon d'athbhreithniú i gcás athaontú.

3. SÁSRAÍ CUR CHUN FEIDHME

Cuirtear an clár chun feidhme sna limistéir de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu agus ina bhfuil cur i bhfeidhm an *acquis* ar fionraí go sealadach de bhun Phrótacal 10 den Chonradh Aontachais. Cuirtear cúnamh chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach.

Oibríonn an Coimisiún i gcomhthéacs uathúil polaitiúil, dlíthiúil agus taidhleoireachta. Agus cúnamh den sórt sin á dheonú, ní thugtar le tuiscint go dtabharfar aitheantas d'aon údarás sna limistéir sin seachas Rialtas Phoblacht na Cipire. Tá gá le socruithe *ad hoc* chun an clár a chur chun feidhme agus prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais á n-urramú ag an am céanna. I gcláir cabhrach arna gcistiú ag an Aontas, faoi ghnáthchúinsí, is le comhaontuithe le rialtas is tairbhí a bhunófaí an creat dlíthiúil chun an cúnamh a fhorbairt. Ní féidir aon chomhaontú den sórt sin a dhéanamh chun cúnamh a thabhairt do phobal Turcach na Cipire. Tá bainistiú agus maolú an

[1] Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2667/2000 ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Athchóiriú (IO L 65, 7.3.2006, lch. 5).

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 13.12.2021 maidir le Clár Gníomhaíochta a ghlacadh do phobal Turcach na Cipire don bhliain 2021 (C(2021) 8905).

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

bhunriosca mar chuid de fhreagracht an Choimisiúin. Áirítear leis na bearta a glacadh dianfhaireachán ar chonarthaí agus tacaíocht a sholáthar do thairbhithe, coinníollacha íocaíochta athbhreithnithe agus cur chuige cúramach maidir le húsáid ráthaíochtaí bainc. Tá méid suntasach tacaíochta deontais san áireamh sa chúnamh, agus is gá bainistiú atá dian ar acmhainní a dhéanamh ina leith.

Chun tionchar a áirithiú, ní mór do phobal Turcach na Cipire a bheith iomlán rannpháirteach san ullmhúchán do chur chun feidhme an *acquis* ós rud é go dtarraingeofar siar fionraíocht a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Prótacal 10 nuair a thiocfaidh réiteach cuimsitheach i bhfeidhm.

Feidhmíonn foireann an chláir trí Oifig Tacaíochta Clár an Aontais sna limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach sa Niocóis. Óstálann Ionadaíocht an Choimisiúin sa Chipir cruinnithe, seimineáir agus preasagallaimh agus déanann sí cumarsáid le pobal na Cipire ar fud an oileáin, lena n-áirítear cumarsáid maidir leis an gClár Cabhrach. Ina theannta sin, déanann Pointe faisnéise an Aontais, arna chistiú faoin gClár Cabhrach, raon gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta, gníomhaíochtaí ina gcuirtear faisnéis ar fáil faoi bheartais, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí an Aontais chun tacú le pobal Turcach na Cipire, agus chun cultúr na hEorpa a chur chun cinn.

4. CUR CHUN FEIDHME LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

4.1. Forléargas ginearálta

Tá an Coimisiún fós ag cur an Rialacháin um Cabhair chun feidhme agus é mar aidhm fhoriomlán aige tacú le hathaontú. I gcás réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, cinneadh d'aon toil maidir leis na hoiriúnuithe is gá ar an Rialachán seo.

I measc na n-oibríochtaí in 2022 bhí leanúint le roinnt tionscadal seanbhunaithe agus rathúil, amhail scoláireachtaí ón Aontas agus bearta forbartha muiníne chun tacú leis an gCoiste Teicniúil um Oidhreacht Chultúrtha agus leis an gCoiste um Dhaoine atá ar Iarraidh araon. Bhí tionscnaimh fós á gcistiú ag saoráid tiomnaithe faoi na Coistí Teicniúla déphobail.

Tá an tacaíocht deontais fós ina gné bhunriachtanach den chlár. Cuireadh níos mó cúnaimh ar fáil do na príomhearnálacha eacnamaíocha atá ag ullmhú le haghaidh réitigh trí thionscadail atá dírithe ar an earnáil phríobháideach, ar cheantair thuaithe agus ar fhorbairt acmhainní daonna. Leanadh leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an staid mar atá maidir le galair ainmhithe a dhíothú agus maidir le sábháilteacht bia a fheabhsú.

Lean an Coimisiún dá iarrachtaí cabhrú le pobal Turcach na Cipire na caighdeáin a leagtar síos leis an bpacáiste de dhá bheart a ghlac an Coimisiún in 2021 a chomhlíonadh, lena gcláraítear 'Χαλλούμι' (Halloumi)/'Hellim' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus lena leagtar síos na coinníollacha maidir le gluaiseacht an táirge sin thar an Líne Ghlas. Rinneadh iarracht shuntasach cabhrú le hoibreoirí gnó bia ullmhú do na chéad chigireachtaí um ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint. Ina theannta sin, sheol an Coimisiún meitheal neamhfhoirmiúil maidir le Halloumi/Hellim ina dtugtar le chéile páirtithe leasmhara ón dá phobal Chipireacha.

Tá bearnaí suntasacha ann fós i gcumas na dtairbhithe an *acquis* a chur chun feidhme go héifeachtach nuair a thiocfaidh réiteach cuimsitheach i bhfeidhm. Mar sin féin, lean

pobal Turcach na Cipire de bheith ag déanamh dul chun cinn maith i roinnt réimsí agus fuair sé tuiscint níos daingne ar na dúshláin.

Saincheist amháin atá fós gan réiteach is ea tógáil líonra séarachais Famagusta, ar chuir an Coimisiún deireadh leis an conradh ina leith i mí na Nollag 2013. Cuireadh an díospóid leis an iarchonraitheoir chun eadrána in 2017. I mí Iúil 2022, thug an binse eadrána a chinneadh deiridh, cinneadh ar chuir an conraitheoir ina choinne ina dhiaidh sin os comhair chúirteanna na Beilge. Ag an am céanna, lean na hoibreacha ceartaitheacha gaolmhara de réir a chéile.

Lean an Coimisiún de bheith ag áirithiú go n-éireodh leis an gClár Cabhrach in ainneoin phaindéim COVID-19 agus in ainneoin na staide dúshlánaí socheacnamaíocha i bpobal Turcach na Cipire. Lean an clár de phacáiste éigeandála COVID-19 a chur chun feidhme, pacáiste inar cumhdaíodh na soláthairtí leighis is práinní, tacaíocht eacnamaíoch do ghnólachtaí, agus sainchomhairle do phobal Turcach na Cipire.

Ag deireadh na bliana, bhí 159 chonradh ag feidhmiú faoin gClár Cabhrach.

4.2. Dul chun cinn de réir cuspóirí

Is é cuspóir foriomlán an Chláir Cabhrach athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh, agus béim ar leith á leagan ar chomhtháthú eacnamaíoch an oileáin, ar theagmhálacha a fheabhsú idir an dá phobal agus leis an Aontas, agus ar obair ullmhúcháin don *acquis*.

Tugtar tuairisc thíos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2022, le haghaidh gach cuspóra de chuid an Rialacháin um Chabhair.

4.2.1. Cuspóir 1: Bonneagar a fhorbairt agus a athstruchtúrú

Lean Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) den ‘Saoráid Bonneagair Áitiúil’ a chur chun feidhme trí chomhaontuithe ranníocaíochta leanúnacha arna síniú leis an gCoimisiún ar fiú EUR 33.2 milliún san iomlán iad. Cuireann an tsaoráid tacaíocht ar fáil chun infheistíochtaí ábhartha sa bhonneagar áitiúil a ullmhú agus a chur chun feidhme.

In 2022, bhí 14 thionscadal tosaíochta gníomhach faoin tSaoráid Bonneagair Áitiúil. Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtógáil Ionad Comhair Kormakitis agus maidir le síneadh a chur le hionad cóireála fuíolluisce Morphou. Cuireadh tús le hoibreacha athshlánaithe Thaiscumar Kouklia freisin. Tugadh faoi shraith beart chun an bealach a réiteach chun réamhstaidéar indéantachta a sheoladh maidir leis an stáisiún cumhachta gréine déphobail.

San earnáil uisce, cuireadh tógáil thruncshéarach nua na Niocóise i gcrích i mí na Samhna 2021 agus tháinig deireadh le tréimhse fógartha fabhtanna an tionscadail i mí na Nollag 2022. Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal 13 km de shéaraigh a thógáil chun fuíolluisce a chur ó limistéar na Niocóise go dtí ionad cóireála fuíolluisce déphobail na Niocóise, ar gníomhaíocht í a fuair cistiú dá cuid féin ón Aontas Eorpach agus a cuireadh i gcrích in 2013. Leis an tionscadal laghdófar éilliú an screamhuisce agus déanfar acmhainní uisce comhroinnte a chosaint le haghaidh an oileáin ar fad.

Cuireadh tús le hoibreacha ceartaitheacha ar líonra séarachais Famagusta i mí Iúil 2021 agus cuireadh tús leis na hoibreacha go fisiceach i mí Eanáir 2022. Is é cuspóir an tionscadail líon ard lochtanna an tionscadail tosaigh a leigheas agus cáilíocht agus feidhmiúlacht an chórais a fheabhsú. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2022,

agus rinneadh thart ar 70 % den phíblíne a bhí beartaithe a shuiteáil. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal i dtreo dheireadh 2023.

Tháinig deireadh leis an tréimhse fógartha fabhtanna i leith conarthaí oibreacha leasaithe maidir le síneadh líonta talún agus maidir le hionad díghásaithe líonta talún i mí Eanáir 2022, agus tugadh an tsaoráid ar láimh go hiomlán do phobal Turcach na Cipire.

Ar an drochuair, níor chuir an tairbhí feabhas ar oibríochtaí agus ar bhainistiú na saoráide líonta talún, agus lean sé ar aghaidh le drochchleachtais diúscartha dramhaíola agus níl aon úsáid á baint aige as an ionad cóireála láisteáite. Is cinnte gur tháinig dímheas suntasach ar an infheistíocht dá bharr sin. Gan rannpháirtíocht an Choimisiúin, sheol an tairbhí dhá thairiscint chun oibríochtaí líonta talún a chur amach ar conradh. Mar sin féin, cuireadh iad araon ar ceal, rud a chiallaíonn go bhfuil rialachas na hearnála dramhaíola agus a todhchaí doiléir fós. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún tar éis a chuid iarrachtaí a thiomnú chun tacú leis an tairbhí an staid a chur ina cheart.

I gcomhréir leis an bplean comhtháite bainistithe um dramhaíl sholadach arna gcistiú ag an Aontas, tá deontais a chuidíonn le hocht bpobal áitiúla chun feabhas a chur ar a mbonneagar bainistithe dramhaíola ar an gcéim dheiridh den chur chun feidhme.

Neartaíodh an acmhainn theicniúil áitiúil chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an chomhshaoil trí athchóiriú a dhéanamh ar an líonra faireacháin ar cháilíocht an aeir, trí shaotharlann tagartha maidir le cáilíocht aeir agus breosla a bhunú, agus trí ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a sholáthar. Anois soláthraíonn an líonra faireacháin ar cháilíocht an aeir, líonra a d'fheidhmigh go hiomlán ar feadh 2022, tomhais do bhreis truailleán i líon níos mó áiteanna.

In earnáil na teileachumarsáide, leanadh de bhonneagar craolacháin nua a sholáthar agus táthar ag súil go mbeidh sé curtha i gcrích faoi dheireadh 2023. An tionscadal seo atá maoinithe ag an Aontas Eorpach, tá sé riachtanach chun go scarfar gach craoladh teilifíse analógach de chuid phobal Turcach na Cipire ón mbandaleithead minicíochta 700 MHz. I ndeireadh na dála, beifear in ann an banda minicíochta 700 MHz a leithdháileadh ar sheirbhísí móibíleacha 5G gan bhac, agus cuirfidh sé le digitiú méadaithe i bpobal Turcach na Cipire.

4.2.2. Cuspóir 2: Forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn

Lean an Clár Cabhrach de dhrochéifeachtaí eacnamaíocha phaindéim COVID-19 a chomhrac agus de thacú leis an timpeallacht ghnó i bpobal Turcach na Cipire.

Ba é an tionscadal 'Fiontraíocht Nuálach agus Idirphlé', tionscadal a cuireadh chun feidhme le Comhar Thar Lear Thuaisceart Éireann (NI-CO), an príomhbhealach a bhí ann chun tacú leis an earnáil phríobháideach, lena n-airítear tacú léi i bhfianaise théarnamh COVID-19. In 2022, thacaigh an scéim deontais 'Caomhnú agus Cruthú Fostaíochta' le 100 FBM rathúla le maoiniú suas le EUR 60 000 an ceann. Tháinig sé sin sa bhreis ar 770 micreaghnólacht ar tugadh tacaíocht dóibh in 2021 le EUR 1 500 an ceann.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i réimse na sábháilteachta táirgí. Seoladh tionscadal cúnaimh theicniúil maidir le faireachas margaidh i mí an Mhárta 2022 agus é mar aidhm leis cleachtais nua sa mhéadreolaíocht, caighdeánú, creidiúnú agus measúnú comhréireachta atá ann cheana a fheabhsú. Cuidíonn an tionscadal le feabhas a chur ar

an timpeallacht ghnó i bpobal Turcach na Cipire agus lena chinntiú go gcomhlíonann na hearraí a tháirgtear go háitiúil caighdeáin an Aontais.

I réimse na forbartha tuaithe, cuireadh gairmoiliúint maidir le bainistíocht feirme agus ábhair ghaolmhara ar fáil do 189 feirmeoir. Agus an infheistíocht san oiliúint á comhlánú, chuaigh 55 dheontas forbartha tuaithe, arb é is aidhm dóibh an earnáil a uasghrádú, ar aghaidh go dtí an chéim dheiridh den chur chun feidhme. Seoladh clár píolótach taighde agus taispeántais chun an bhearna idir eolaíocht, riachtanais agus cleachtas a shárú i gceithre théama phíolótacha shainaitheanta, lena n-áirítear an scéim ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint Halloumi/Hellim.

Leanadh le cur chun feidhme an tionscadail cúnaimh theicniúil maidir le sábháilteacht bia agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, rud a bhfuil impleachtaí aige don trádáil thar an Líne Ghlas agus do chur chun feidhme phacáiste Halloumi/Hellim. Cuireadh tacaíocht ar fáil do 28 n-oibreoir gnó bia chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun caighdeáin an Aontais a bhaint amach. Cuireadh tús le próiseas deimhniúcháin na bhfeirmeacha agus, faoi dheireadh 2022, bhí 11 fheirm deimhnithe agus rinneadh measúnú ar 26 fheirm bhreise.

Tugadh an tríú tástáil agus sampláil ar mhórscála ar ainmhithe maidir le galair thosaíochta, is iad sin brúsallóis agus eitinn, i gcrích. Chuige sin, chuir an Coimisiún tástálacha saotharlainne, tomhaltáin tréidliachta, agus seirbhísí ar fáil. Mar thoradh air sin, faoi dheireadh 2022, lean an treocht maidir le laghdú i ráta leitheadúlachta bruisealóise agus shroich sí thart ar 2 % ó thaobh leitheadúlacht tréada de.

Chuidigh tacaíocht ón Aontas freisin le dul chun cinn breise a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht tréidlianna príobháideacha chun rialuithe a chur chun feidhme.

In earnáil an oideachais, coinníodh an tacaíocht ar bun i réimsí atá nasctha go láidir le méadú acmhainneachtaí i margadh an tsaothair, lena n-áirítear trí oideachas eolaíochta, gairmoideachas agus gairmoiliúint, agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Tháinig deireadh leis an gcéad chéim den tionscadal ilbhliantúil um fhorbairt curaclaim sa ghairmoideachais agus baineadh torthaí nithiúla amach. I measc éachtaí eile, chuidigh sé le 20 pacáiste curaclaim a fhorbairt maidir le curaclaim athbhreithnithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus maidir le meicníocht nua tástála agus meastóireachta do ghairmoideachas agus do ghairmoiliúint. Cuireadh síneadh leis an tionscadal go ceann 2 bhliain eile.

Maidir le hoideachas eolaíochta, fuair 34 meánscoileanna agus 12 ghairmscoil trealamh saotharlainne eolaíochta do 77 saotharlann agus 1 lárionad acmhainne gairmoideachais agus gairmoiliúna, rud a threisíonn deiseanna foghlama eolaíochta do dhaoine óga. Sna blianta roimhe sin, fuair 48 mbunscoil trealamh saotharlainne eolaíochta. Cuireadh feabhas ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus ceannairí scoile trí dhíorma oiliúnóirí a chruthú. Cuireadh oiliúint ar 1 468 múinteoir bunscoile agus meánscoile, ar phríomhoidí agus ar cheannairí scoile in ábhair amhail an fhoghlaim agus an teagasc dírithe ar an mac léinn, úsáid saotharlainne eolaíochta, agus cuir chuige idirghníomhacha i bhfoghlaim teangacha. Tá obair anailíseach ar bun chun an bealach a réiteach maidir le tacaíocht a thabhairt amach anseo d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, d'oideachas riachtanas speisialta agus do cháilíochtaí.

Síníodh comhaontú nua leis an mBanc Domhanda, lena ndírítear ar thacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'fhaireachán maicreacnamaíoch, nósanna imeachta trádála agus trádáil thar an Líne Ghlas a éascú, timpeallacht ghnó Turcach na Cipire a fheabhsú, agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil i bpríomhréimsí staidrimh.

I réimse an staidrimh, cuireadh tús le tionscadal cúnaimh theicniúil le Staidreamh na Danmhairge i mí Mheán Fómhair 2022 arb é is aidhm dó feabhas a chur ar sholáthar gnó agus ar bhainistiú foinsí sonraí. Roimhe sin, cuireadh trealamh TF agus bogearraí speisialaithe ar fáil chun aschuir staidrimh a fheabhsú i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Comhlánaíodh na tionscadail sin trí thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil trí ionstraim an Choimisiúin um chúnamh teicniúil agus malartú faisnéise (TAIEX) agus tríd an mBanc Domhanda. Tagann na gníomhaíochtaí sin go léir le chéile i straitéis chuimsitheach de chuid an Aontais a bhfuil sé mar aidhm léi feabhas a chur ar sholáthar staidrimh i bpobal Turcach na Cipire, rud atá ríthábhachtach chun an obair ullmhúcháin don athaontú a éascú.

4.2.3. Cuspóir 3: Athmhuintearas a chothú, bearta chun muinín a chothú, agus tacaíocht don tsochaí shibhialta a chothú

Lean an Coiste um Dhaoine atá ar Iarraidh lena obair allamuigh agus lena obair saotharlainne, le tacaíocht ón gClár Cabhrach trí chomhaontú ranníocaíochta le UNDP. Faoi dheireadh 2022, as an 2 002 duine ar an iomlán a bhí ar iarraidh, d'athnocht sé 1 196 tacar de thaisí. Díobh sin, aithníodh 1 029 go géiniteach agus cuireadh ar ais chuig a dteaghlaigh iad.

I mí na Nollag 2022, síníodh comhaontú ranníocaíochta nua EUR 2.6 milliún chun cistiú a chur ar fáil d'oibríochtaí an Choiste in 2023. Ar an iomlán, in 2006-2022, ranníoc an tAontas EUR 35.8 milliún chun tacú lena ghníomhaíochtaí, is é sin 75 % den chistiú ar fad le haghaidh an Choiste sa tréimhse sin.

Bhí cosaint na hoidhreachta cultúrtha tríd an gCoiste Teicniúil déphobail um Oidhreacht Chultúrtha fós ina phríomhghné de na bearta athmhuintearais agus cothaithe muiníne a fhaigheann tacaíocht faoin gClár Cabhrach, agus cuireadh 16 dtionscadal i gcrích in 2022. Ar an iomlán, fuair an clár oidhreachta cultúrtha thart ar EUR 24 milliún i gCistiú ón Aontas. Leis sin, bhíothas in ann níos mó ná 120 suíomh oidhreachta cultúrtha ar fud an oileáin a chaomhnú, tacaíocht struchtúrach a thabhairt dóibh, cosaint fhisiceach a thabhairt dóibh nó athchóiriú a dhéanamh orthu.

I mí na Nollag 2022, síníodh ranníocaíocht nua EUR 1 mhilliún chun leanúint leis an tsaoráid tacaíochta arna maoiniú ag an Aontas do na Coistí Teicniúla. Is é UNDP a chuireann an tacaíocht sin chun feidhme. Ó 2019 i leith, mhaoinigh an tsaoráid tacaíochta breis agus 10 dtionscadal de chuid na gCoistí Teicniúla, ó staidéir indéantachta agus taighde go ceardlanna agus taispeántais.

Tar éis do Choláistí Domhanda Aontaithe scéim phíolótach scoláireachta déphobail a chur chun feidhme go rathúil, agus ag leanúint leis an dea-thaithí ó bhlianta roimhe sin, roghnaíodh 12 mhac léinn ón dá phobal in 2022 chun tabhairt faoin gClár Idirnáisiúnta Dioplóma Baccalaureate i dtíortha éagsúla. Áirítear ar na gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag na Coláistí Domhanda Aontaithe gníomhaíochtaí rannpháirtíochta trasphobail don aos óg agus gearrchúrsaí atá dírithe ar an óige a chumhachtú chun athrú dearfach a bhaint amach ina sochaithe.

Leanadh den tacaíocht don tsochaí shibhialta in 2022. Leis an tionscadal Spás na Sochaí Sibhialta, lena gcuirtear cúnamh teicniúil ar fáil d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, leanadh de bheith ag cabhrú chun a gcumas a fhorbairt, timpeallacht chumasúcháin a chur chun cinn chun an tsochaí shibhialta a fhorbairt agus líonrú agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha le heagraíochtaí sochaí sibhialta Gréagacha na Cipire agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta eile san Aontas a spreagadh. I bhfianaise an aiseolais

dhearfaigh ar a chuid oibre, tá síneadh curtha le Spás na Sochaí Sibhialta go ceann 2 bhliain eile.

Seoladh go rathúil an glao nua ar thograí Sochaí Sibhialta na Cipire i nGníomhaíocht VIII i mí an Mhárta 2022 le haghaidh leithdháileadh iomlán airgeadais de EUR 2.5 milliún. Díríodh sa ghlao ar thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí i dtrí réimse: gníomhaíochtaí taighde déphobail; gníomhaíochtaí cothaithe muiníne déphobail; agus an tsochaí shibhialta a neartú i bpobal Turcach na Cipire. Bhí an próiseas dámhachtana ar bun ag deireadh 2022. Tháinig an 12 thionscadal arna ndámhachtain faoin eagrán roimhe seo den ghlao isteach ina gcéim iomlán cur chun feidhme, rud a chuir ar chumas na sochaí sibhialta tabhairt faoi phríomhghníomhaíochtaí abhcóideachta agus gníomhaíocht shibhialta a spreagadh.

Lean an cumann Ardán um Chearta an Duine dá dheontas díreach arna gcistiú ag an Aontas a chur chun feidhme. Dhírigh na príomhghníomhaíochtaí ar an ngáinneáil a chomhrac, ar chearta dídeanaithe, ar chearta LGBTIQ+, ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha, ar dhálaí coinneála agus ar shaoirse ó chéasadh. Bhí baint ag an ardán leis an gcéad chás gáinneála ar dhaoine a thabhairt os comhair ‘cúirteanna’ phobal Turcach na Cipire, ar tháining ciontú dá thoradh. Thacaigh sé freisin le híospartaigh sáruithe ar chearta an duine agus threisigh sé acmhainní na sochaí sibhialta maidir le saincheisteanna atá bunaithe ar chearta i gcoitinne.

4.2.4. Cuspóir 4: Pobal Turcach na Cipire a thabhairt níos gaire don Aontas

In 2022, tháinig Goethe-Institut in ionad Chomhairle na Breataine mar chomhpháirtí cur chun feidhme Chlár Scoláireachta an Aontais Eorpaigh. I mí Aibreáin 2022, tugadh comhaontú ranníocaíochta i gcrích le Goethe-Institut le haghaidh EUR 5 mhilliún. Le linn na bliana, rinneadh 159 ngradam scoláireachta a thairiscint do mhic léinn Cipireacha Turcacha chun freastal ar ollscoileanna i dtíortha an Aontais, agus tugadh an chéad Chipireach Turcach a bhain tairbhe as scoláireacht ón Aontas isteach i gColáiste na hEorpa.

Ó 2007 i leith, bronnadh breis agus 2 000 scoláireacht ar mhic léinn, lena gcumhdaítear níos mó ná 100 ollscoil agus 23 thír de chuid an Aontais. Tacaíonn na scoláireachtaí sin le mic léinn le linn na chéad bhliana staidéir fochéime, le mic léinn iarchéime ina gcuid máistreachta nó ina gcláir dhochtúireachta, agus le taighdeoirí agus gairmithe chun a scileanna teanga agus gairmiúla a fhorbairt a thuilleadh ar fud thíortha an Aontais.

Tá pointe faisnéise an Aontais á bhainistiú ag Oifig Tacaíochta Chlár an Aontais in éineacht le hIonadaíocht an Choimisiúin sa Chipir. In 2022, trína chuid gníomhaíochtaí ar líne agus as líne araon, d’éirigh leis ardleibhéal infheictheachta a bhaint amach don Aontas. Chumhdaigh pointe faisnéise an Aontais breis agus 20 téama a bhaineann leis an Aontas Eorpach, lena n-áirítear comhionannas inscne, foréigean inscne, cearta LGBTIQ+, cearta do dhaoine faoi mhíchumas, bréagaisnéis, agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair.

D'eagraigh pointe faisnéise an Aontais 35 imeacht, agus bhí os cionn 16 000 duine rannpháirteach sna himeachtaí. Léirigh na himeachtaí méadú beag ar an tinreamh i gcomparáid le blianta roimhe sin. Ina theannta sin, forbraíodh 14 fhoilseachán, 69 ngrafaic faisnéise agus 12 tháirge closamhairc, agus iad ag díriú ar thosaíochtaí an Aontais sa Chipir. Lean an trácht ar mheáin shóisialta an Aontais ar aghaidh ag méadú. Fuair leathanach Facebook phointe faisnéise an Aontais tuairim is 1 000 leantóir nua in 2022.

4.2.5. Cuspóirí 5-6: Pobal Turcach na Cipire a ullmhú chun an acquis a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme

Úsáidtear ionstraim TAIEX chun cuspóirí 5 agus 6 den Rialachán um Chabhair a chur chun feidhme. Cuidíonn sé le pobal Turcach na Cipire san ullmhúchán chun an *acquis* chur chun feidhme nuair a dhéanfar fionraíocht a chur i bhfeidhm a tharraingt siar tráth a thiocfaidh réiteach cuimsitheach i bhfeidhm.

Is uirlis thábhachtach i gcónaí í saoráid TAIEX lena gcuirtear le cuspóirí an Chláir Cabhrach. In 2022, cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil leis an ionstraim in 12 réimse théamacha den *acquis* trí mheascán d'imeachtaí ar líne agus ar an láthair. Chuir sé cúnamh rialta ar fáil freisin ó shaineolaithe sláinte i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. San iomlán, eagraíodh 151 imeacht TAIEX, rud a choinnigh an líon imeachtaí chomh hard céanna leis an mbliain roimhe sin. Ina theannta sin, forbraíodh bunachar sonraí de na téacsanna dlíthiúla uile a dréachtaíodh le tacaíocht TAIEX, agus leanadh de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar cháilíocht an aistriúcháin agus na hateangaireachta i bpobal Turcach na Cipire.

Thug TAIEX tacaíocht i gcónaí don trádáil thar an Líne Ghlas (Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle). Rinne saineolaithe neamhspleácha atá sainordaithe ag an gCoimisiún cigireachtaí rialta ar thorthaí agus glasraí úra, ar phrátaí, ar mhil agus ar iasc. Ina theannta sin, in 2022, thrasnaigh sé chineál bia phróiseáilte nach de bhunadh ainmhíoch iad an Líne Ghlas den chéad uair. Ina measc seo tá ola olóige, tahini, halva, síoróip charúib, subha agus sú torthaí. Ba iad saineolaithe TAIEX an príomhfhórsa tiomána a chinntigh caighdeáin agus cáilíocht ar leibhéal an Aontais trí sheiceálacha comhlíonta ábhartha a dhéanamh ar na saoráidí.

Rinne an Coimisiún obair freisin ar dheireadh a chur le bacainní ar an trádáil thar an Líne Ghlas trí chur chun feidhme rianúil na gcóras cigireachta a cuireadh i bhfeidhm as an nua a áirithiú, rud a éilíonn deimhnithe físeashláintíochta anois maidir le gach toradh agus glasra.

4.3. Forghníomhú airgeadais (conarthaí agus íocaíochtaí)

4.3.1. Conraitheoireacht

Shínigh an Coimisiún gealltanais dhlíthiúla dar luach EUR 27.2 milliún in 2022.

4.3.2. Íocaíochtaí

Ba é EUR 40.6 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí in 2022 (EUR 38 milliún in 2021).

4.4. Faireachán

Tá an Coimisiún freagrach go díreach as formhór na dtionscadal (bainistíocht dhíreach) a chur chun feidhme. Tá leibhéal an-ard faireacháin á dhéanamh ag foireann an Choimisiúin, le teagmhálacha leanúnacha le conraitheoirí, cuairteanna spotseiceála, cruinnithe láithreáin agus cruinnithe coistí stiúrtha. Lean an cúnamh teicniúil a chuir an Fhoireann Tacaíochta Deontais ar fáil de bheith ag tacú leis an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme conarthaí deontais, agus ag an am céanna cúnamh a thabhairt do thairbhithe deontais rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le conarthaí deontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear rialacha soláthair thánaistigh.

Cuireann an Coimisiún roinnt conarthaí chun feidhme freisin trí bhainistíocht indíreach. Tuairiscíonn na comhlachtaí cur chun feidhme, amhail UNDP, an Banc

Domhanda, Goethe-Institut agus NI-CO, don Choimisiún i gcomhréir leis na creat-chomhaontuithe réime lena mbaineann, faoi seach. Tá dlúthbhaint ag an gCoimisiún leis an bhfaireachán laethúil a dhéantar ar na gníomhaíochtaí sin.

4.5. Iniúchtaí agus rialuithe

Cuireadh chun feidhme go hiomlán na moltaí ón iniúchadh deireanach a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach in 2017, ar moltaí iad a bhain le socruithe rialaithe inmheánaigh i réimse an tsoláthair phoiblí.

4.6. Meastóireacht

Cuireadh tionscadal an fhaireacháin dírithe ar thorthaí i gcrích in 2022. D'athbhreithnigh sé na gníomhaíochtaí roghnaithe agus cuireadh an oiliúint a bhí beartaithe leis ar fáil maidir le cumas feabhsaithe faireacháin inmheánaigh na bpáirtithe leasmhara ábhartha. Rinne saineolaithe ar fhaireachán dírithe ar thorthaí moltaí maidir le hábharthacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht agus inbhuanaitheacht; rinneadh na moltaí sin a ionchorprú sna gníomhaíochtaí a ndearnadh athbhreithniú orthu agus ina dhiaidh sin.

D'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad inmheánach oibre[4] maidir le torthaí na meastóireachta ar an gClár Cabhrach in 2022. Leis an meastóireacht sin, cuireadh measúnú neamhspleách agus fianaise ar fáil ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo cuspóirí an Rialacháin um Chabhair a bhaint amach sa tréimhse 2013-2018. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht gur féidir a mheas go bhfuil an Clár Cabhrach an-ábhartha agus, i bhfianaise na gcúinsí sonracha a bhaineann leis an gcomhthéacsina bhfuil pobal Turcach na Cipire, gur tionscnamh é ar éirigh go maith leis, lena mbaineann breisluach suntasach don Aontas.

4.7. Faisnéis, Poiblíocht agus Infheictheacht

Ar an iomlán, eagraíodh 584 ghníomhaíocht infheictheachta agus chumarsáide in 2022 chun obair an Aontais a léiriú. D'fhoilsigh an Coimisiún an leabhrán maidir le tacaíocht ón Aontas mar fhreagairt ar COVID-19; rinneadh dul chun cinn leis an ullmhúchán don leabhrán maidir le forbairt na hearnála príobháidí.

4.8. Comhairliúcháin le Rialtas Phoblacht na Cipire

Tionóladh cruinnithe le hionadaithe Rialtas Phoblacht na Cipire, go pearsanta agus ar líne araon. Tá an Coimisiún ag brath i gcónaí ar chomhar an Rialtais maidir le cearta maoine a fhíorú agus obair na gcoistí teicniúla déphobail a éascú. Bíonn cruinniú rialta ag an gCoimisiún leis an mBuanionadaíocht.

5. CONCLÚIDÍ

Trí bhíthin na hoibre a dhéanann an Coimisiún i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin um Chabhair, tá sé fós ag cur cúnamh ar fáil faoin Rialachán um Chabhair chun athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh. In 2022, bhí an cúnamh fós dírithe ar réimsí ina bhfuil fadhbanna ar leith maidir le comhlíonadh an *acquis* san am atá le teacht.

---

[4] *COMMISSION STAFF WORKING DOCUMENT EVALUATION Evaluation of the Aid Programme for the Turkish Cypriot community (2013-2018) - Publications Office of the EU (europa.eu)* [DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN Meastóireacht ar an gClár Cabhrach do phobal Turcach na Cipire (2013-2018) - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (europa.eu)].

Dea-theist an chúnaimh a tugadh roimhe seo agus aibíocht na dtionscadal, cuirfidh siad go leanúnach leis na babhtaí clárúcháin a bheidh ann amach anseo. Leanfar de na hiarrachtaí a dhíriú ar thionchar níos mó a imirt sna réimsí tosaíochta trí líon níos lú de ghníomhaíochtaí níos mó.

Tá an Coimisiún réidh chun acmhainní a úsáid, faoin gClár Cabhrach san áireamh, chun tacú leis an gcaibidlíocht réitigh faoi choimirce na Náisiún Aontaithe de réir mar is gá.